C/2026/5131

2.10.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/5131)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Bere Sadu’

Uimh. AE: PGI-RO-03386 — 24-12-2024

1. **Ainm (nó ainmneacha) an TGFC**

‘Bere Sadu’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☐ TGFC ☒

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Rómáin

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2203 — beoir atá déanta as braich

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is lágar é ‘Bere Sadu’ a tháirgtear trí choipeadh alcólach na braichlise braiche, a dhéantar as uisce, braich eorna, leannlusanna agus giosta bríbhéireachta.

Is as coipeadh nádúrtha na braichlise braiche a thagann an t-alcól, agus as sin amháin, gan alcól ná táirgí inchoipthe eile a chur leis ag deireadh an choipthe. Táirgtear dhá chineál den bheoir: *beoir fhionn thraidisiúnta agus beoir dhonn*.

Is beoir neamhphaistéartha neamhscagtha é ‘Bere Sadu’, arb é is saintréith de coipeadh agus aibiú rialaithe, rud a fhágann gur féidir na giostaí míne a eascraíonn as an bpróiseas táirgthe nádúrtha a choinneáil.

Tá próifíl chéadfach chothrom ag an táirge a bhaineann go sonrach le lágair thraidisiúnta, ina bhfuil cothromaíocht idir dea-bholaithe braiche agus leannlusanna, seirbhe mheasartha, boladh úr agus carbónú nádúrtha mar thoradh ar an bpróiseas coipthe agus aibithe agus giostaí míne a bheith ar fuaidreamh, rud a thugann cuma beagáinín ópalach agus blas úr don táirge, a shamhlaítear go traidisiúnta leis an mbeoir a tháirgtear sa cheantar seo.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

4.2.1. ‘Bere Sadu’ — an cineál ar a dtugtar *beoir fhionn thraidisiúnta* — is beoir neamhphaistéartha neamhscagtha é, ag a bhfuil na hairíonna seo a leanas:

Saintréithe orgánaileipteacha:

— Dath: órbhuí geal, agus loinnir bheag phéarlach sa ghloine

— Dea-bholadh: éadrom, úr agus torthaíoch

— Blas: éadrom, blas braiche agus leannlusanna, measartha searbh, blas cothrom braiche, beagáinín milis

— Cúr: dlúth uachtarúil, dath an-éadrom air

Saintréithe fisiceimiceacha:

— Dlús bunaidh: 11,0-12,5 °P

— Neart alcóil: 4,5-5,2 % de réir toirte

— Dath: 7-14 EBC

— Seirbhe: 20-26 IBU

4.2.2. ‘Bere Sadu’ — an cineál ar a dtugtar *beoir dhonn* — is beoir neamhphaistéartha neamhscagtha é, ag a bhfuil na hairíonna seo a leanas:

Saintréithe orgánaileipteacha

— Dath: copardhonn, beagnach cnódhonn sa ghloine;

— Dea-bholadh: caramal, le dea-bholadh éadrom braiche, torthaíoch;

— Blas: dlúth, blas braiche rósta, beagáinín milis, sách géar le blas láidir leannlusanna, seirbhe mheánach

— Cúr: tiubh agus boilgeoga beaga ann, dath an uachtair air

Saintréithe fisiceimiceacha:

— Dlús bunaidh: 11,0-12,5 °P

— Neart alcóil: 4,5-5,2 % de réir toirte

— Dath: 22-30 EBC

— Seirbhe: 22-28 IBU

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Is iad seo a leanas na hamhábhair a úsáidtear chun ‘Bere Sadu’ a dhéanamh: uisce: braich eorna; leannlusanna; giosta bríbhéireachta.

Is é an t-uisce an ghné a shamhlaítear le táirgeadh beorach i mbaile Sadu go traidisiúnta. Is as an limistéar geografach sainithe a thagann an t-uisce a úsáidtear chun ‘Bere Sadu’ a tháirgeadh, agus as an limistéar sin amháin, uisce a eastósctar ó thoibreacha sléibhe atá lonnaithe i gcríoch riaracháin bhardas Sadu, Contae Sibiu, ar le habhantrach Sadu é.

San am a chuaigh thart, chuidigh infhaighteacht acmhainní uisce i limistéar sléibhtiúil Ghleann Sadu le forbairt na grúdaireachta sa bhaile. Bhí an traidisiún tionsclaíoch sin ina chuidiú chun an bhaint idir an t-ainm ‘Bere Sadu’ agus baile Sadu a chruthú in intinn an phobail.

Tá an t-uisce a úsáidtear chun ‘Bere Sadu’ a tháirgeadh ‘bog’, bíonn cion íseal mianraí ann agus bíonn saintréithe ann atá oiriúnach chun grúdaireacht a dhéanamh; bhí sé sin ina chúis le gníomhaíochtaí grúdaireachta a lonnú i mbaile Sadu ó thús an 20ú haois, mar a luaitear i bhfoinsí stairiúla agus doiciméadacha a bhaineann le forbairt an tionscail áitiúil.

Le linn an phróisis monaraíochta, ní cheadaítear comhdhéanamh mianrach an uisce a athrú d'aon ghnó chun saintréithe an uisce ón limistéar geografach sainithe a atáirgeadh go saorga.

Comhlíonann an bhraich, na leannlusanna agus an giosta a úsáidtear na cleachtais ghrúdaireachta atá ann faoi láthair agus féadfar iad a thabhairt isteach ó lasmuigh den limistéar geografach sainithe.

Tagann an soláthar uisce a úsáidtear sa phróiseas grúdaireachta ó thobar suas an abhainn ó Sadu, Contae Sadu.

Níl an fhoinse faoi úinéireacht eisiach an Chomhlachais um Chur Chun Cinn Bheoir Sadu, ach tá rochtain phoiblí ag aon pháirtí leasmhar uirthi a bhfuil soláthar uisce de dhíth air, lena n-áirítear táirgeoirí féideartha amach anseo a d'fhéadfadh tairbhiú den tásc geografach, ar choinníoll go gcomhlíonann siad an tsonraíocht táirge.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Na céimeanna fíor-riachtanacha uile i bpróiseas táirgthe 'Bere Sadu', i gcás na gcineálacha ar a dtugtar beoir fhionn thraidisiúnta agus beoir dhonn, is sa limistéar geografach sainithe a dhéantar iad agus áirítear leo:

— na cineálacha éagsúla braiche agus leannlusanna a shórtáil agus a mheá;

— an meascán braiche a bhrú;

— grúdú;

— maistreán a dhéanamh;

— an maistreán a scagadh agus a ní;

— an bhraichlis bhraiche a fhiuchadh, na leannlusanna a chur léi;

— an bhraichlis a fhuarú;

— an giosta a chur isteach;

— coipeadh alcólach ag teochtaí a bhaineann go sonrach le lágar, agus aibiú na beorach ina dhiaidh sin.

Trí na céimeanna sin a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe, áirithítear coinneáil ar bun na gcleachtas táirgthe áitiúil agus leanúnachas an traidisiúin grúdaireachta a shamhlaítear le baile Sadu.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar na cineálacha 'Bere Sadu' ar a dtugtar beoir fhionn thraidisiúnta nó beoir dhonn a mhargú i gcoimeádáin ghloine doinne nó glaise (0,5 l) agus i mbairillí cruach dosmálta a bhfuil veinír darach orthu (5 l, 10 l, 30 l, 50 l) atá oiriúnach chun beoir bhairille a riar.

Déantar an bheoir a bhuidéalú trí úsáid a bhaint as líonadh frithbhrú (iseabarach), faoi bhrú. Déantar na coimeádáin a steiriliú trína ní agus ansin CO_2 ardbhrú a úsáid, ansin aistrítear an bheoir ón umar go buidéil ghloine nó bairillí cruach dosmálta a bhfuil veinír darach orthu, ag teocht idir 0 agus 5 °C, agus ar an mbealach sin, ní chruthaítear aon chúr.

Déantar an pacáistiú sa limistéar geografach sainithe, agus san áit sin amháin, a luaithe a chuirtear an próiseas aibithe i gcrích. Tá dlúthnasc idir an buidéalú agus cáilíocht an táirge deiridh, agus is é sin an fáth nach mór an chéim sin a dhéanamh sula n-iompraítear é lasmuigh den limistéar geografach sainithe. Tá údar leis an gceanglas sin mar gheall ar shaintréithe sonracha an táirge, i.e. gur beoir neamhphaistéartha neamhscagtha é 'Bere Sadu' ina bhfuil giostaí gníomhacha mar thoradh ar an bpróiseas coipthe nádúrtha.

Dá n-aistreofaí an táirge lasmuigh den limistéar geografach sainithe roimh an bpacáistiú, d'fhéadfadh sin a bheith ina chúis le hathruithe ar a airíonna orgánaileipteacha mar gheall ar an méid seo a leanas:

— atosú na gníomhaíochta giosta gan rialú;

— éagsúlacht sa teocht le linn an iompair;

— ocsaídiú na beorach;

— cailleadh chobhsaíocht nádúrtha an chúir agus próifíle aramataí.

Nuair a dhéantar an pacáistiú go díreach ar an láthair táirgthe, is féidir na paraiméadair theochta, bhrú agus shláinteachais a bhaineann go sonrach leis an bpróiseas buidéalaithe iseabaraigh a rialú, rud a chuidíonn le saintréithe an táirge a shamhlaítear le cáil an ainmniúcháin 'Bere Sadu' a chaomhnú.

Dá bhrí sin, is gá an pacáistiú a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe chun saintréithe an táirge a chaomhnú agus an nasc idir a cháil agus a thionscnamh geografach a choinneáil ar bun.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar lipéad an táirge a mhargaítear faoin ainm 'Bere Sadu':

— an t-ainm 'Bere Sadu';

— na focail 'Indicație Geografică Protejată' [Tásc Geografach faoi Chosaint] nó an giorrúchán IGP;

— siombail ghrafach an Aontais Eorpaigh le haghaidh tásca geografacha faoi chosaint a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

Ní mór an t-ainm 'Bere Sadu' a bheith ar an lipéad i bhfoirm lena sainaithnítear go soiléir tionscnamh geografach an táirge agus ní fhéadfar é a úsáid mar mharc aonair. Ní cheadaítear ach d'oibreoirí a tháirgeann beoir sa limistéar geografach sainithe agus a chomhlíonann ceanglais na sonraíochta táirge an t-ainm a úsáid.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é críoch riaracháin bhardas Sadu, Contae Sibiu, an Rómáin an limistéar geografach sainithe chun 'Bere Sadu' a tháirgeadh.

Tá bardas Sadu lonnaithe sa chuid theas de Chontae Sibiu, i limistéar sléibhtiúil ghleann Sadu, thart ar 18 km laisteas de chathair Sibiu, idir Sléibhte Cindrel agus Sléibhte Lotru.

Áirítear sa limistéar críochaithe na limistéir ina bhfuil na pointí astarraingthe uisce a úsáidtear sa phróiseas táirgthe lonnaithe, i ndobharcheantar Abhainn Sadu, laistigh de chríoch riaracháin an bhardais.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an t-iarratas ar chlárú 'Bere Sadu' bunaithe ar cháil an táirge, agus ar an méid sin amháin.

Tá fianaise ann gur cuireadh tús le táirgeadh beorach i mbaile Sadu idir 1912 agus 1913, tráth a cuireadh saoráid táirgthe ar bun chun úsáid a bhaint as na hacmhainní uisce sléibhe áitiúla. Mar gheall ar ghníomhaíocht na grúdlainne cáiliúla a bhunaigh Thomas Binder, a d'oibrigh faoin ainm Bere Sadu (Grúdlann) tar éis 1945, cruthaíodh baint idir an t-ainm 'Bere Sadu' agus an bheoir a tháirgtear ann.

Deimhnítear le doiciméid ó chartlann bhardasach Sadu 1913, atá dírithe ar oidhreacht thionsclaíoch agus foilseacháin stairiúla an réigiúin, úsáid an ainm 'Bere Sadu' i gcaitheamh tréimhsí stairiúla éagsúla, lena n-áirítear an tréimhse idir na cogaí, an tréimhse tar éis an chogaidh agus na tréimhsí tionsclaíocha ina dhiaidh sin.

Ar lch. 280 den leabhar *Sadu Repere istorice și itinerarii cultural-turistice* [Sadu — Sainchomharthaí stairiúla agus cúrsaí taistil cultúrtha agus turasóireachta], a d'fhoilsigh Músaem Astra, Sibiu, in 2015, luaitear 'Bere Sadu' i measc na gcineálacha beorach a tháirgeann grúdlann Sadu.

Le himeacht ama, úsáideadh an t-ainm chun beoir ó bhaile Sadu a shainaithint, gan beann ar aon athrú ar eagrú ná úinéireacht na saoráidí táirgthe.

I leabhar de chuid Volker Wollmann, *Patrimoniu Preindustrial și Industrial în Romania* [Oidhreacht Ailtireachta Réamhthionsclaíoch agus Thionsclaíoch sa Rómáin], Imleabhar III, a d'fhoilsigh Honterus, luaigh sé ar leathanach 332 gur lean an ghníomhaíocht ar aghaidh tar éis an Dara Cogadh Domhanda faoin ainm Fabrica de Bere Sadu S.A., agus go ndearnadh náisiúnú air in 1948 agus gur oibrigh sé ina dhiaidh sin díreach faoin ainm Bere Sadu (Grúdlann). Ó bhí 1979 ann, tar éis sraith infheistíochtaí chun an ghrúdlann a nuachóiriú, tháinig méadú ar an táirgeadh.

Tar éis gur tháinig deireadh leis na hoibríochtaí sa tseansaoráid táirgthe in 2007, leanadh den ainm 'Bere Sadu' a lua i bhfoilseacháin áitiúla, ar ábhair chultúrtha agus i gcuntais iriseoireachta a bhaineann le traidisiún tionsclaíoch an bhaile, is é sin gur fhan sé in intinn an phobail mar bheoir a bhaineann go sonrach le limistéar Sadu.

Baineadh amach atosú an táirgthe in 2017 trí leas a bhaint as an gcáil stairiúil a shamhlaítear leis an ainm 'Bere Sadu', a coinníodh chun beoir a tháirgtear sa limistéar geografach sainithe a shainaithint.

Luaitear fianaise stairiúil ar an táirge 'Bere Sadu' i dtaifid ghrúdlann Bere Sadu S.A. agus i saothair a chuir údair éagsúla i gcló i gcaitheamh na mblianta araon, ach i dtaifid agus saothair de chuid institiúidí cultúrtha nó údaráis phoiblí áitiúla freisin.

Ina theannta sin, tá nasc idir cáil 'Bere Sadu' agus traidisiún áitiúil na grúdaireachta i mbardas Sadu agus leis an saineolas a tugadh ar aghaidh laistigh den phobal áitiúil.

San am a chuaigh thart, bhí saintréithe an uisce áitiúil fabhrach d'fhorbairt na grúdaireachta sa limistéar sin, rud a bhí ina chuidiú chun nasc a chruthú idir an táirge agus a áit tionscnaimh.

Tagraíonn an t-ainm d'iomlán na beorach a tháirgtear sa bhaile sin agus níl sé bainteach le hoibreoir eacnamaíoch ar leith, ach leis an traidisiún grúdaireachta i limistéar Sadu.

Léirítear an cháil atá ar 'Bere Sadu' faoi láthair le tagairtí dó sna meáin réigiúnacha, trí rannpháirtíocht in imeachtaí gastranómacha agus trína láithreacht ar líne, áit a ndéantar ceangal go rialta idir an t-ainm agus baile Sadu agus an traidisiún grúdaireachta áitiúil.

Chun an cháil atá ar an ainm 'Bere Sadu' faoi láthair a léiriú, leagtar amach thíos tagairtí d'fhoinsí seachtracha, infhíoraithe agus dátaithe (ailt phreasa, ábhar de chuid na meán, imeachtaí agus ardáin ar líne) ina n-úsáidtear an t-ainm 'Bere Sadu' go sainráite chun tagairt a dhéanamh don táirge agus ina samhlaítear é le baile Sadu.

Uimh.	Foinse	Dáta	Nasc agus tuairisc ghairid ar an ábhar
1	*Turnul Sfatului* — știri online din Sibiu (*Turnul Sfatului* — nuacht ar líne in Sibiu)	1980; 1994	Ailt ó *Tribuna Sibiului*, ar nuachtán réigiúnach é, ina luaitear beoir a tháirgtear in Sadu https://www.turnulsfatului.ro/uploads/media/2025/9/17/1975-tribunasibiului-08-1634948094-pages39-39-v6vn.pdf; Bliain XXVII Uimh. 5829 — 'Curiarrachtaí á sárú ag grúdlann Sadu — Ceiliúradh déanta ag foireann dhíograiseach ghrúdlann Sadu ar lá saoire mór an luchta oibre le sraith torthaí iontacha.' https://www.turnulsfatului.ro/wp-content/uploads/2025/09/1949-luptasibiliui-07-1634593333-pages79-79-ozyv.pdf; Bliain 1 (VS) — Uimh. S3 (1279) Dé Sathairn, an 16 Iúil 1949 — Maidir le comórtais táirgiúlachta shóisialacha sa dá mhonarcha 'Soláthraíonn grúdlann Sadu, in éineacht leis an ngrúdlann in Sibiu, an táirge maith saor seo do réigiún iomlán ...'
2	*Monitorul de Sibiu* — foilseachán eacnamaíoch	1999; 2005	Alt faoin mbaint idir an t-ainm agus an baile agus an meas atá ar uisce Sadu; www.turnulsfatului.ro/uploads/media/2025/9/17/1999-monitoruldesibiu-04-1684928182-pages59-59-flae.pdf *Monitorul de Sibiu* — Dé Luain, an 5 Aibreán 1999 'Inné, sheol cuideachta Bere Sadu cineál nua beorach go hoifigiúil ..., a tháirgtear faoi cheadúnas na cuideachta Gearmánaí Schaller Brau GmbH, ón mBaváir ... Ceann de bhuanna na cuideachta Sibiu is ea uisce Sadu, ..., a bhfuil cáil air mar gheall ar na tréithe atá ann fiú sa Ghearmáin: 'Is é an t-uisce is fearr é chun beoir a ghrúdú, ... Chun ár mbeoir a tháirgeadh, is muidne a sholáthraíonn an t-uisce agus is iad na Gearmánaigh a sholáthraíonn an teicneolaíocht agus an t-oideas.'

Uimh.	Foinse	Dáta	Nasc agus tuairisc ghairid ar an ábhar
3	*Turnul Sfatului* — ştiri online din Sibiu (*Turnul Sfatului* — nuacht ar líne in Sibiu)	26.1.2020	Alt faoi tháirgeoir áitiúil ag tosú ar bheoir Sadu a tháirgeadh arís agus suim an phobail áitiúil i mbeoir thraidisiúnta a shamhlaítear le limistéar Sibiu a thabhairt ar ais chuig an margadh https://www.turnulsfatului.ro/2020/01/26/berea-sadu-a-reînviat-la-tocile-urmează-berea-trei-stejari-rdquo-nu-vreau-sa-ieşim-din-sibiu-rdquo-163536/ Athbheochan déanta ar bheoir Sadu in Tocile ... 'Níl fonn orm Sibiu a fhágáil'
4	*Mesagerul de Sibiu*	24.10.2022	Alt ina gcuirtear i láthair stair ghrúdlann Sadu agus a ról i bhforbairt thionsclaíoch an bhaile, ina gcuirtear i dtábhacht traidisiún na grúdaireachta áitiúla https://mesageruldesibiu.ro/glorie-si-decadere-fabrica-de-bere-sadu-foto-video/ 'Glóir agus meath. Monarcha Bere Sadu (grianghraf-físeán)'
5	*Sibiul Azi*	6.8.2023	Tuarascáil físe maidir le hatosú tháirgeadh bheoir Sadu agus an próiseas grúdaireachta ceardaíochta sa bhaile sa tionscadal 'Blasanna agus Dathanna — Scéalta Táirgeoirí Áitiúla', a thionscain Comhlachas ACT-Sibiu (2023) https://sibiulazi.ro/2023/08/06/video-povestea-berii-sadu-o-traditie-reinviata-cu-dragoste-si-pasiune-daca-ne-ajuta-dumnezeu-o-sa-multiplicam-business-ul-acesta/ FÍSEÁN Scéal bheoir Sadu, traidisiún a rinneadh a athbheochan le grá agus paisean: 'Le cúnamh Dé, déanfaimid an gnó seo a fhorbairt'
6	*Sibiu Independent*	20.5.2025	Alt faoi tháirgí áitiúla ó Sadu, lena n-áirítear beoir Sadu, ag glacadh páirt in imeacht a eagraíodh in Landshut na Gearmáine https://sibiuindependent.ro/2025/05/20/sadu-cucereste-inimile-din-landshut-berea-locală-tradiţiile-şi-ospitalitatea-au-făcut-senzaţie-in-germania/ 'Muintir Landshut i ngrá le Sadu. Callán tógtha ag beoir, traidisiúin agus fáilteachas áitiúil sa Ghearmáin'
7	*Sibiul în Imagini*	20.5.2025	Alt ina dtugtar tuairisc ar chur i láthair bheoir Sadu ag imeacht gastranómach sa Bhaváir (Landshut, an Ghearmáin). https://sibiulinimagini.ro/bere-sadu-cucereste-inimile-bavarezilor-la-landshut/ 'Muintir na Baváire i ngrá le beoir Sadu in Landshut'
8	*Tribuna Sibiu*	2023	Ábhar faoi Fhéile Thraidisiúin an Fhómhair in Sadu, ag a gcuirtear táirgí áitiúla i láthair, lena n-áirítear an bheoir a tháirgtear sa bhaile féin https://www.tribuna.ro/festivalul-traditiilor-de-toamna-a-stralucit-in-sadu-comuna-care-a-iluminat-romanii-si-romania-sunt-sadean-si-sunt-mandru-la-640-de-ani-de-atestare-documentara/ 'Agus iarraimid orthu siúd nár ól beoir Sadu déanamh amhlaidh, mar is é uisce Sadu dearbhrún na beorach ar mian léi a bheith deoch mhuintir Sibiu.'

Uimh.	Foinse	Dáta	Nasc agus tuairisc ghairid ar an ábhar
9	*Tribuna Sibiu*	7.10.2024	Alt faoi imeacht Oktoberfest a bhí ar siúl i limistéar Sibiu inar cuireadh beoir Sadu i láthair an phobail https://www.tribuna.ro/un-altfel-de-oktoberfest-in-natura-fara-inghesuiala-cu-preparate-rafinate-si-bere-sadu/ 'Cineál Oktoberfest eile: lasmuigh, gan sioc a bheith ann, le bia sofaisticiúil agus beoir Sadu' 'Téann an ligean scíthe agus gloine bheorach fhuar a ól i lár an dúlra le chéile; socraíonn foireann Bere Sadu é sin... Deochanna: "Bere Sadu", ...'
10	*Ora de Sibiu*	13.10.2024	Tuarascáil maidir le féile Oktoberfest Sibiu, ina luaitear beoir Sadu i measc na ndeochanna a tugadh do na rannpháirtithe https://www.oradesibiu.ro/2024/10/13/sute-de-sibieni-s-au-distrat-sambata-la-oktoberfest-la-targul-obor-anul-acesta-este-foarte-fain-video-foto/ Bhí spraoi ag na céadta daoine ó Sibiu Dé Sathairn ag Oktoberfest, ag Margadh Obor. 'Tá an bhliain seo go hiontach' (físeán grianghraf) 'Bhí rogha ilchineálach deochanna ar fáil freisin, ach ba í an bheoir réalta na féile i gcónaí ... Mar shampla, cosnaíonn beoir Sadu RON 20.'
11	*Adevărul*	9.9.2018, tugadh cothrom le dáta an 4.8.2022	Alt faoi thraidisiún na beorach in Sibiu agus samplaí áitiúla den táirgeadh, lena n-áirítear tagairtí do bheoir Sadu https://adevarul.ro/stiri-locale/sibiu/prima-fabrica-de-bere-artizanala-din-sibiu-un-1889565.html 'I gcoitinne, déanaimid iarracht é a dhéanamh chomh cosúil agus is féidir le beoracha mór le rá de chuid Sibiu amhail "Trei Stejari", "Bere Sadu", etc. Tá traidisiún táirgthe beorach in Sibiu agus déanaimid iarracht díriú air sin'
12	Untappd	Ean.-Már. 2026 ar siúl faoi láthair	Ardán blaiste idirnáisiúnta ar a gcláraíonn tomhaltóirí agus ar a ndéanann siad táirgí beorach Sadu a mheas https://untappd.com/w/bere-sadu-s-r-l/457048 *... beoir fhionn Sadu ó Bere Sadu S.R.L. á hól* *... Sadu Brună ó Bere Sadu S.R.L. á ól in Sadu*
13	Instagram — Bere Sadu	2026 ar siúl faoi láthair	Cuntas oifigiúil a thaispeánann an táirge, rannpháirtíocht in imeachtaí agus idirghníomhú le tomhaltóirí. https://www.instagram.com/beresadu/
14	Facebook — Bere Sadu	2026 ar siúl faoi láthair	Postálacha a chuireann beoir Sadu agus é ag glacadh páirt in imeachtaí áitiúla agus i bhféilte gastranómacha chun cinn https://www.facebook.com/share/p/1AumoNLVFg/?mibextid=wwXIfr

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.madr.ro/docs/Caiete-de-sarcini-2024/Caiet-de-Sarcini-Bere-Sadu_20.05.2026.pdf